

## **Gné 2: Prionsabail, amhail Cearta an Linbh agus Íomhá Linbh an Chleachtóra**

### **Gníomhaíochtaí ar Phrionsabail a bhaineann le *Leanaí agus a saol sa luath-óige*: Gníomhaíochtaí A-E**

#### **Gníomh B: Gach leanbh a fheiceáil mar pháiste inniúil muiníneach**

Is éard atá i gceist leis an ngníomhaíocht seo ná smaoinemh ar do chuid eispéireas féin mar fhoghlaiméir agus ar roinnt suíomhanna ina mbíonn leanaí mar fhoghlaiméirí.

##### **Cuid 1: Tusa mar fhoghlaiméir**

Smaoinigh siar ar thráth a raibh dúshlán le sárú agat. B'fhéidir go raibh tú ag foghlaim le carr a thiomáint, ag cócaráil béile tábhachtach, ag tarraingt pictiúir, ag déanamh na matamaitice ar scoil, ag canadh i d'aonar i gcór, ag filleadh ar an léann, nó sampla eile.

- An raibh muinín ag duine éigin eile asat?
- Cén chaoi ar thacaigh an duine sin leat agus cén chaoi ar chabhraigh sé/sí leat do sprioc a bhaint amach?
- Cén chaoi ar mhothaigh tú dá bharr sin?
- Ar chreid duine éigin nach raibh tú in ann don tasc?
- Cén chaoi ar chuir sé/sí é sin in iúl duit?
- Cén chaoi ar mhothaigh tú dá bharr sin?

Breac síos aiseolas ginearálta ar smeach-chairt.

##### **Cuid 2: An leanbh inniúil**

Tá i gceist leis an ngníomhaíocht seo smaoinemh ar chásanna éagsúla agus a mhíniú cén fáth ar roghnaigh tú freagairt áirithe. Is féidir na freagairtí a bhreacadh síos ar smeach-chairt.

**Cás 1**

Tá Sergei 11 mhí d'aois. Tá sé ag foghlaim le lámhacán a dhéanamh agus buaileann sé faoi ardchathaoir go bog agus é i mbun lámhacáin. Níl sé gortaithe agus ní thosaíonn sé ag caoineadh. Céard a dhéanfaidh tú?

- An ndéanfaidh tú é a phiocadh suas, barróg a thabhairt dó, agus insint dó go mbeidh gach uile rud ceart go leor?
- An gcoinneoidh tú súil air, ionas go mbeidh tú ann dó má bhíonn tú ag teastáil, agus é a fheiceáil ag teacht amach ó laistíos den ardchathaoir agus aoibh mhór gháire air toisc gur éirigh leis an oiread sin lámhacáin a dhéanamh?
- An ndéanfaidh tú é a phiocadh suas agus a chur san ardchathaoir ar fhaitíos go ngortóidh sé é féin?

*Cén fáth ar roghnaigh tú an fhreagairt seo?*

**Cás 2**

Tá 11 leanbh atá idir 18 mí agus 3 bliana d'aois i Seomra na Lapadán. Molann an bainisteoir go bhféadfadh na leanaí bheith ní ba neamhspleáiche ag an am sneaice. Cé na smaointe a rithfidh leat?

- Tá siad ró-óg lena gcuid uisce féin a dhoirteadh ón gcrúiscín agus le torthaí agus craicir a roghnú ó phláta boird.
- B'fhéidir go mbeidís in ann dó ach thógfadh sé an iomarca ama agus bheadh an seomra ina chiseach ina dhiaidh.
- B'fhéidir go gcabhródh sé leis na leanaí scileanna féinchabhrach a fhorbairt dá bhfaighfí plátaí agus crúiscíní ní ba lú.

*Cén fáth ar roghnaigh tú an fhreagairt seo?*

**Cás 3**

Tá leanbh, atá 2 bhliain d'aois, ag foghlaim an Bhéarla mar dhara teanga. Tá imní ar na tuismitheoirí nach mbeidh ar a chumas dhá theanga a fhoghlaim ag an aon am amháin ós rud é go bhfuil siadsan ag foghlaim an Bhéarla freisin. Iarrann siad comhairle ort. Céard a dhéanfaidh tú?

- Inseoidh tú do na tuismitheoirí nach cóir dóibh aon imní a bheith orthu; múinfidh tú Béarla don leanbh.
- Spreagfaidh tú na tuismitheoirí chun Béarla amháin a labhairt lena leanbh sa bhaile.
- Míneoidh tú do na tuismitheoirí gur tábhachtach dóibh leanúint ar aghaidh ag labhairt a gcéad teanga lena leanbh sa bhaile de bharr go gcabhróidh sé sin leis an leanbh an dara teanga a shealbhú. Cuirfidh tú ar a suaimhneas iad go bhforbróidh sé cumas sa Bhéarla go nádúrtha i do shuíomh tríd an gcomhrá, tríd an súgradh, trí leabhair agus trí amhráin.

*Cén fáth ar roghnaigh tú an fhreagairt seo?*

**Cás 4**

Tá grúpa leanaí, atá idir 3 agus 4 bliana d'aois, sa limistéar bloc. Tá siad ag tógáil cathrach agus is mian leo léarscáil di a tharraingt. Céard a dhéanfaidh tú?

- An inseoidh tú dóibh gur gearr go mbeidh orthu glanadh suas?
- An dtabharfaidh tú roinnt páipéir dóibh le go mbeidh siad in ann é a dhéanamh?
- An gcuirfidh tú roinnt fíor-léarscáileanna, miosúr, peann luaidhe, marcóirí, agus píosaí móra páipéir ar fáil dóibh agus agus an dtabharfaidh tú cúnamh dóibh, nuair is gá, gan seilbh a ghlacadh ar an súgradh?

*Cén fáth ar roghnaigh tú an fhreagairt seo?*

**Cás 5**

Tá buachaill, atá 4 bliana d'aois, ag insint duit faoi dhineasáir. Deir sé gurb é an Tyrannosaurus Rex an dineasár is fearr leis agus gurb é an Brontasár an dara dineasár is fearr leis. Céard a dhéanfaidh tú?

- An ndéanfaidh tú gáire le do chuid comhghleacaithe de bharr go bhfuil sé chomh gleoite sin?
- An gcuirfidh tú lena chuid scileanna teanga trí labhairt leis faoi phailé-oiteolaithe, faoi thochailtí, faoi iontaisí, faoi luibhiteoirí agus faoi fheoiliteoirí, agus an mbreathnóidh tú ar leabhair agus ar láithreáin gréasáin in éineacht leis le bonn eolais a chur faoina chuid foghlama?
- An n-inseoidh tú dó nach ann do dhineasáir a thuilleadh?

*Cén fáth ar roghnaigh tú an fhreagairt seo?*

**Cás 6**

Tá Anna 4 bliana d'aois agus tá siondróm Down uirthi. Téann a buatais i bhfostú agus titeann sí di. Céard a dhéanfaidh tú?

- An mbreathnóidh tú uirthi le fáil amach an mbeidh sí in ann í a chur uirthi arís?
- An gcuirfidh tú tusa an bhatais uirthi arís?
- An n-iarrfaidh tú ar leanbh eile cabhrú léi?

*Cén fáth ar roghnaigh tú an fhreagairt seo?*

Tar éis plé a dhéanamh, seinn an podchraoladh *Meonta a chothú*

## Nótaí iarghníomhaíochta

Tacaíonn *Aistear* agus *Síolta* le foghlaim agus le forbairt na leanaí uile ó uair a mbreithe go dtí 6 bliana d'aois. Ní foláir do do churaclam tacú le gach uile leanbh barr a chumais a bhaint amach chomh maith. An mbíonn ardionchais agat maidir leis na leanaí uile?

Smaoinigh ar na teachtaireachtaí a thugann tú do leanaí, cibé acu go hindíreach nó go neamh-chomhfhiosach, faoi rudaí is féidir nó nach féidir leo a dhéanamh. An dtugtar teachtaireachtaí éagsúla do ghrúpaí difriúla nó an mbítear ag súil le rudaí éagsúla uathu, mar shampla, leanaí a bhfuil riachtanais speisialta oideachais acu, buachaillí agus cailíní, leanaí a thagann ó chomhthéacsanna difriúla cultúrtha nó ó chúlraí áirithe? An dtugtar deiseanna do na leanaí ar fad dul ar aghaidh chuig tascanna níos casta? An mbaintear cothromaíocht amach idir an rud a bhfuil cleachtadh acu air, a chuireann ar a suaimhneas iad, agus an úire agus dúshláin a tharraingíonn a n-aird agus a leathnaíonn a gcuid foghlama?